

Rannóg Pholasaí, Cháilíochtaí,
Churaclaim agus Mheasúnachta,
An Roinn Oideachais agus
Scileanna, Bloc 2, Sráid
Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

☎ (01) 8892384



Qualifications, Curriculum
and Assessment Policy Unit,
Department of Education and
Skills, Block 2 Marlborough
Street,
Dublin 1

Fax (01) 8892040

Imlitir 0018/2012

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc na mBunscoileanna

Ag Tacú le Measúnú: Trialacha Caighdeánaithe i mBunscoileanna

In Imlitir 0056/2011, a eisíodh i nDeireadh Fómhair 2011, iarradh ar scoileanna réimse de bhearta a chur i bhfeidhm a bhain leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. I measc na mbeart seo bhí cur i bhfeidhm na dtrialacha caighdeánaithe ag trí phointe i dtimthriall na bunscoile agus an t-eolas ó na trialacha seo a thuairisciú do thuismitheoirí, boird bhainistíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Séard is aidhm leis an imlitir seo ná tuilleadh eolais a thabhairt ar chur i bhfeidhm na socruithe leasaithe do thrialacha caighdeánaithe.

Cuir an imlitir seo ar a súile do bhord bainistíochta, príomhoide agus foireann teagaisc do scoile, led' thoil.

Breda Naughton,
Príomhoifigeach

Aibreán 2012

1. Cúlra:

Leagan [Imlitir 0056/2011](#) amach go mion na socruithe maidir le measúnú faoi *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*.

(www.education.ie/featuredlinks/literacyandnumeracyforlearningandlife)

Ba chóir do scoileanna dul i gcomhairle na himlitreach sin chun a chinntiú go bhfuil na bearta ar fad a bhaineann leis an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta á gcur i bhfeidhm go hiomlán acu. Dírionn an imlitir seo ar ghnéithe den chur i bhfeidhm a bhaineann le riarachán na dtrialacha caighdeánaithe agus tuairisciú ar thorthaí na dtrialacha sin.

Tá foráil in alt 6.4 [d'Imlitir 0056/2011](#) maidir le trialacha caighdeánaithe mar seo a leanas:

Iarrtar ar scoileanna a chinntiú go gcuirfear trialacha caighdeánaithe chun feidhme i do scoil ar bhonn bliantúil sna ranganna ábhartha ag tosú i mBealtaine/Meitheamh 2012.

- Ceanglófar ar scoileanna a mhúineann trí Bhéarla trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh le haghaidh gach dalta i rang a 2, i rang a 4 agus i rang a 6 le héifeacht ó 2012 i leith
- Ceanglófar ar scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme sa léitheoireacht Ghaeilge, sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh le haghaidh gach dalta i rang a 2, i rang a 4 agus i rang a 6 le héifeacht ó 2012 i leith.

2. Deontais ar Fáil

Bhí foráil in [Imlitir 0056/2011](#) go ndéanfaí an deontas d'uirlisí tástála, scóráil agus lámhleabhair a leasú chun an pointe tástála breise a chur san áireamh agus go ndéanfaí an íocaíocht a thabhairt ar aghaidh ó Nollaig 2012 go Aibreán 2012. Cuireadh na deontais seo a leanas i gcuntais bainc na scoileanna i 2012.

- **Scoileanna Béarla:** Deontas €5.10 in aghaidh gach dalta, faoi réir an deontais €140 ar a laghad in aghaidh na scoile, bunaithe ar an gclárú iomlán ag 30 Meán Fómhair 2011. Ceadaíonn sé seo an tástáil ag rang a 2, rang a 4 agus rang a 6 i léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mhatamaitic.
- **Scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna:** Deontas €6.40 in aghaidh gach dalta, faoi réir an deontais €162 ar a laghad in aghaidh na scoile, bunaithe ar na clárúithe ag 30 Meán Fómhair 2011. Ceadaíonn sé seo an tástáil ag rang a 2, rang a 4 agus rang a 6 i léitheoireacht na Gaeilge, léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mhatamaitic.

Is féidir na cistí a úsáid chun uirlisí tástála agus ábhair a cheannach ar nós lámhleabhar na múinteoirí, seirbhísí scórála trialacha nó bogearraí a bhaineann le trialacha atá á dtairiscint ag soláthróirí trialacha. Is féidir cistí ar bith atá fágtha nuair atá costais na dtrialacha caighdeánaithe glanta a chaitheamh ar thrialacha diagnóiseacha faoi réir riachtanais na scoile.

3. Teimpléid Charta Tuairisce do Thuismitheoirí

Chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta réimse de theimpléid tuairisce caighdeánacha ar fáil chun cuidiú le scoileanna eolas a thuairisciú maidir le dul chun cinn na ndaltaí bunscoile chuig tuismitheoirí, agus eolas ó na trialacha caighdeánaithe san áireamh. Ní mór dos na bunscoileanna uilig ceann amháin de na teimpléid tuairisce a úsáid chun tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil na ndaltaí ag deireadh na scoilbhliana. Cuimseoidh an tuairisc a chuireann scoileanna ar fáil do dhaltáí i ranganna a 2, a 4 agus a 6 torthaí na dtrialacha caighdeánaithe.

Tá uirlis ar líne forbartha ag CNCM a chuideoidh le bunscoileanna cárta tuairisce a chruthú ag baint úsáid as na teimpléid tuairisce seo. Is féidir an *Cruthaitheoir Chárta Tuairisce* a rochtain ag www.reportcard.ncca.ie. Tá cárta poist maidir leis an *Cruthaitheoir Chárta Tuairisce* iniata leis an teachtaireacht seo agus ag aguisín 1 thíos.

Ina theannta sin, tá bileog eolais forbartha ag CNCM a mhíníonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe do thuismitheoirí. Tá an bhileog seo ar fáil i dteangacha éagsúla ag www.ncca.ie agus ba chóir í a chur in éineacht leis an tuairisc scoile (féach aguisín 1 do thuilleadh eolais).

4. Tuairisciú don Roinn Oideachais agus Scileanna

Mar a luadh in [Imlitir 0056/2011](#), tá sonraí ar ghnóthachtáil scoláirí riachtanach mar threoir do pholasaí oideachais náisiúnta agus chun bealaí a aithint le feidhmiú an chóras oideachais a fheabhsú. Beidh ar na bunscoileanna uilig torthaí comhiomlána ar thrialacha caighdeánaithe do ranganna a 2, a 4 agus a 6 a thuairisciú don Roinn Oideachais agus Scileanna uair sa bhliain.

Tá córas ar líne á fhorbairt ag an Roinn chun ligean do scoileanna a sonraí maidir leis na trialacha caighdeánaithe a uaslódáil trí **Easinet**. Leagann Aguisín 2 amach na sonraí comhiomlána a chaithfidh scoileanna a choinneáil ó thrialacha 2011/12 chun tuairisc a dhéanamh ar an gcóras ar líne. Meastar go mbeidh an córas ar líne i bhfeidhm i bhFómhair na bliana 2012 agus tabharfar treoir do scoileanna ar an mbealach leis an gcóras a úsáid.

Aguisín 1

Eolas do Thuismitheoirí maidir le Trialacha Caighdeánaithe:

Chun teacht ar eolas do Thuismitheoirí maidir le Trialacha Caighdeánaithe (leagan Gaeilge). Ar an leathanach baile (www.ncca.ie) cliceáil ar an líne “Leagan Gaeilge” ag an barr ar dheis. Ar an leathanach baile cliceáil ar an gcnaipe gorm “Ar aghaidh go CNCM”. Ar thaobh na láimhe deise den leathanach cliceáil ar an nasc do “Eolas do Thuismitheoirí”. I lár an leathanaigh, cliceáil ar “Bunscoileanna”. Sa cholún ar thaobh na láimhe clé “Maidir leis an CNCM”, cliceáil ar “Trialacha Caighdeánaithe”.

Eolas maidir le Cruthaitheoir Cárta Tuairisce CNCM:

Report Card Creator

www.reportcard.ncca.ie

What is it?

An online tool for primary schools to create a report card to share information about the pupil's learning with parents at the end of the school year.

Why was it developed?

To support schools to meet the requirement to ‘...use one of the (NCCA) report card templates for reporting to parents on students' progress and achievement at school’ (DES Circular letter 0056/2011).

How do I use it?

- Go to:** www.reportcard.ncca.ie
- Select Language:** English, Gaeilge or bilingual.
- Follow the **7 steps** to create your school's pupil report card.
- Download** pupil report card.
- Print** and/or **Save** the report card.

NCCA, 24 Merrion Square, Dublin 2
T: +353 1 661 7177 W: www.ncca.ie

Live: 4th May 2012

AGUISÍN 2

EOLAS LE COINNEÁIL AG SCOILEANNA LE CUR ISTEACH AR LÍNE CHUIG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA I BHFÓMHAIR NA BLIANA 2012

Uimhir Rolla		Contae		Scoil	
---------------------	--	---------------	--	--------------	--

LÉITHEOIREACHT AN BHÉARLA

Líon isteach líon na scoláirí i ranganna a dó, a trí agus a sé a dtíteann a scoír i dtrial chaighdeánaithe ar léitheoireacht an Bhéarla laistigh de na réimsí seo a leanas maidir le trialacha a rinneadh i mBealtaine/Meitheamh 2012:

Rang	STen 1- 3	STen 4	STen 5	STen 6	STen 7	STen 8 - 10	Líon na ndaltaí a rinne an trial	Líon na ndaltaí le díolúine ón trial	Líon na ndaltaí as láthair agus nach bhfuil díolúine acu	Clárú iomlán sa rang	Triail a rinneadh
Rang a Dó											Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T
Rang a Ceathair											Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T
Rang a Sé											Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T

Uimhir rolla		Contae		Scoil	
---------------------	--	---------------	--	--------------	--

LÉITHEOIREACHT NA GAEILGE (LE H-ÚSÁID I SCOILEANNA GAEILGE AMHÁIN)

Líon isteach líon na scoláirí i ranganna a dó, a trí agus a sé a dtiteann a scóir i dtrial chaighdeánaithe ar léitheoireacht na Gaeilge laistigh de na réimsí seo a leanas maidir le trialacha a rinneadh i mBealtaine/Meitheamh 2012:

Rang	STen 1-3	STen 4	STen 5	STen 6	STen 7	STen 8 - 10	Líon na ndaltaí a rinne an trial	Líon na ndaltaí le díolúine ón trial I	Líon na ndaltaí as láthair agus nach bhfuil díolúine acu	Clárú iomlán sa rang	Triail a rinneadh
Rang a Dó											Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach
Rang a Ceathair											Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach
Rang a Sé											Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach

Uimhir rolla		Contae		Scoil	
---------------------	--	---------------	--	--------------	--

MATAMAITIC

Líon isteach líon na scoláirí i ranganna a dó, a trí agus a sé a dtiteann a scóir i dtrial chaighdeánaithe ar mhatamaitic laistigh de na réimsí seo a leanas maidir le trialacha a rinneadh i mBealtaine/Meitheamh 2012:

Rang	STen 1- 3	STen 4	STen 5	STen 6	STen 7	STen 8 - 10	Líon na ndaltaí a rinne an trial	Líon na ndaltaí le díolúine ón trial	Líon na ndaltaí as láthair agus nach bhfuil díolúine acu	Clárú iomlán sa rang	Triail a rinneadh
Rang a Dó											Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Matamaitice Sigma-T
Rang a Ceathair											Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Matamaitice Sigma-T
Rang a Sé											Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Matamaitice Sigma-T